

TOBAR MUIRE I RUISÍN NA MAITHNIDHEACH

Fear de Bhúrcach, bhí driomlóid aige san oidhche, go rabh tobar i Ruisin na Maithnidheach. Chuaidh sé go dtí an áit lá ar na bhárach agus thóg sé an fód san áit nár cheap aon duine ariamh tobar a bheith, agus bhí tobar breagh faoi'n bhfód. Tobar Muire, sé an driomlóid a d'innis dó cén t-ainm a tiubhradh sé air. Ní mórán Domhnach nach bhfeicfidh tú daoine ann a tabhairt turas. Tobar an-mhíorbhiúlteach atá ann le congnamh Dé agus na Maighdine Muire.

Tobar Muire i Ruisín na Maithnidheacht, tá géilleadh mór ag na daoine do na naoimh agus do na toibreacha.

Dá mbeadh duine abhfad uait agus tú i n-imridhe faoi agus a ghul go dtí Tobar Muire ag iarraidh teasbána agus turas a tabhairt i n-onóir don Mhaighdin Mhuine, gheithfidh tú teasbána. D'fheicfidh tú rud beo thíos ins an tobar, péist nó míoltóg nó ciaróg, má tá an duine beo. Má tá sé marbh, feicfidh tú rud marbh sa tobar.